tacmac gan dīchell gan dermad ō tā eibil[1] go h-ac[h]tam.[2] Agus do c[h]uadar na longa a cenn imt[h]echta co lēidmeach ō na lāi*m*-f[h]edmannuib tar fudomn*aib* fliuchdoimne na fairgi, ⁊ tar colb*ad*uib corracha na cnoc-bōchna, ⁊ tar slēibhtib siblacha na sen-f[h]airgi, ⁊ tar cladhuib troma tuirseacha na trethan, ⁊ tar cisel*aibh* comdorcha [f. 6a. 1] cith-braenacha na calad, ⁊ tar tonnuib sotla[3] slistiuga na srothann, ⁊ tar radarcuib fuachda fraec[h]-niata na fairrgi ; go tarla in muir i n-a nuall[4] mer-uallach ag at ⁊ ag ēirghe le *ferg* na fuar-ghaīthi 'gā f*o*rrach ; gur thuigsedar go h-ēimheacn na h-aird-rennaig[5] *ferg* ⁊ fuasaīd na fairgi ar bhfhās ⁊ ar f*o*rb*air*t, ō rāngadar gadāna gudhamnacha[6] na gaīthi dā gresacht.

34 Mairg āmh tarla *etir* an dā t[h]enn sin gan tesargain .i. muir ⁊ mor-ghaoth tarrsna re taobuib trēn-long ⁊ re cnarruib comdhaingne ⁊ re sgūduib sgothamla, gurbo lēibenn grānna gerānach ar aillib ⁊ ar i*m*-doi*m*nib an aigēin a gainemh ⁊ a grian-[7]turrscur ō īc[h]t*ar* go [h]-uachtar. Co nār f[h]āguib in ghaoth aca clār gan crithnugad nā tairrnge gan tēgadh[8] nā falann[9] gan fāsgad nā reng gan ro-brised nā leab*aid* gan luath-thaomad nā crann gan crathadh nā slat gan snīm nā seōl[10] gan tshaobad nā laoch gan leōnadh nā ōg gan egla nā mīl*id* gan merten ; acht maithi ⁊ mōr-c[h]oimsig, luinn ⁊ luamairedha[11] na laechr*aide*, ag teg*ar* ⁊ ag timsugad a tēd ⁊ a tāclad a comaired do b*eth* an muir ag caithem a m*uir*ne ⁊ a mong*ar*

---

[1] *sic* P, B, L2, K, C ; F eibel.
[2] F actam *with* no u*m written above in same hand* ; B actum ; P actam ; L2 achtuim ; K actuaim ; C achtuaim.
[3] F sot*h*la. [4] *sic* F ; P ina mulba ; L2 na mallmhagh.
[5] L2 renna. [6] P gothanna gubunacha.
[7] F *has* id *written small above the end of* grian.
[8] P teig*edh*, B trothlugadh. [9] B fulang.
[10] F seal, *with* no o *written above in same hand*.
[11] P luinne ⁊ luamhairedha ; B loinne ⁊ luthmairecht.

risin mōr-ghaīth. Gidh trā acht ō da s[*hēide*]st*air*[1] in gaoth a gail ⁊ nach fuair fāilti nā onōir ōn f[h]airgi, do imthig roimpe co baoth barr-ud[mall[2] co h-aiti uachtar*aigh*[3] a h-anta.

715 35 Acht atā nī c[h]ena, fā sgīth an muir dā mongar ⁊ do[4] sguiredar na saob-thonna dā sibal, gurbo lēibenn cobsaid[5] an cuan ar ciūnach*ad*; go tāinic menma i n-a maithib ⁊ sonarti i n-a slōg ⁊ lāmach i n-a laochaib ⁊ cēdf*aid* i n-a curaduib. Gur s[h]eōladar rompa fān rēim
720 sin go h-*Ini*s [col. 2] ngrian-p[h]ortaig nG[*re*]agraide,[6] risi n-ab*ar* an t-Oilēn Mōr; gur gabad*ar* a cuan cluthar-mīn Celga,[7] risi n-ab*ar* Trāigh Celgaidh aniu i ndeiscert Innsi Greg*raide* .i. Greag*raide* do T[h]uathaib Dē Danann do bī isin innsi sin .i. athair Ēdaīne, ⁊ cumachtaig maithe.
725 Agus is uadha ro h-ainmniged in inis,[8] ⁊ ro fhāguib a ingen innti .i. Ēdaīn, ⁊ macāmh ar mnāib Tuath Dē Danann in Ēdaīn sin, ⁊ lennān d'Eōgan ī. Agus tāinic dā n-innsaige ⁊ do f[h]er fāilti riū, ⁊ do innis sgēla Ērenn d'Eōgan, ⁊ do innis dō Conaire ⁊ *Mai*cniadh, dā r[īg Muma*n*],[9] ⁊ maithe
730 Muman uile do beith a n-ē[n]-tigh[10] a C[*arn*][11] Buide. Agus ba binn le h-Eōgan na scēla sin, ⁊ do an co mōr aici ar in fairgi, uair is a curach do c[h]ua[id Ē]daīn[12] i n-a agaid.

---

[1] F das::st- [*first three letters very indistinct*]; P do caithist-; B do sheidesdair; L2 caithesdair; K, C, caithiostar.
[2] F *illeg.*; *sic* P, L2 K, C; B barram-; L barramhuil.
[3] F aiti ua*chtar* ÷; P aidi ua*chtar* ÷.
[4] *sic* B; F co; P cor [*om* ⁊]; L2 *gur* [*om.*⁊].
[5] F cobsa*ch*.
[6] F *indistinct*; P gregraaidhe; B ngreadhr*aidhe*; L ngreadhruidhe; L2 greer*aidhe*; K greagraighe.
[7] F, L2, celg; P, L, K, C, cealga; B cealg*aidhe*. *See Notes.*
[8] F innsi.
[9] *sic* L, B; F *illeg.*
[10] *sic* P; F *om. letter.*
[11] *sic* P, B, L2, K, C; F *illeg.*
[12] *sic* L; B do ch÷si; F *letters illeg.*

36 [1][Agus is-bert[2] in laoí :—

[Eōgan] "Maith sin, a[3] Ēdaín uallach[4],
'gā tā curchān[5] cath-buadach ;
in marth*ar*[6], a buaid na mban,
isin n-innsi a rabamar[7] ? "

[Ēdaīn] "Mair*id* in fhit[h]cheall egair
d'imert[h]á[8] 'san aird-lep*aid*,[9]
is mair*id* in grianān[10] grind
a gcluinteā[11] in timpān[12] tēd-bind.

Is dūsccad ratha do rīgh
in sēn dā[13] tāngais a tír,
¬ mēr*aid* co brāth mbinn
dá roinn ard-f[h]latha ar Ēirinn.

Nimhedh[14] is Ma*i*cniadh don muigh,
mac[15] Mogha Lāmha is Lug*aid*,[16]
atāid a gCarn Buidhe bil,
in rīghr*aid* uile a n-aon-tig.

Ēir*ig* a dtīr, dēn[17] calma,
fāgaiph do longa falmha ;
do-gēbha[18] a n-aon-tigh uile
rīg*r*aidh Muman mōr-glaine.

Nā marbh acht g*a*b a ngialla,
nī [fh]uil[19] comairle is cialla ;
do-gēbha, a f[h]laith, līth co n-aīph,
gach ní bus maith le h-Ēdaīn."

M. S.]

---

[1] *poem from* P, *vars. from* L2, K, C. [2] P isbeauort.
[3] K, C, *om.* [4] K amhra uallach. [5] L2, C, an curchan.
[6] L2 mairir ; K, C, marthainn.
[7] P raba*m* ; L2 rabhamar ; K, C, raibhiomar.
[8] L2, K, C, do himearrthaoi. [9] K, C, in ardleabhar.
[10] *sic* L2, K ; P grian ; C ghanann.
[11] L2 ccluintí ; K, C, ccluínte.
[12] C, tiompo. [13] *sic* L2, K, C ; P *om.*
[14] K, C, neimhidh ; L2 Conaire. [15] L2 mic.
[16] P lug : ; K,C, lugh ÷ ; L2 luighdech. [17] L2, K, C, déna.
[18] *sic* L2, K, C ; P do gebair. [19] L2, K, C, bfhuil ; P uil.

37 Agus is *cd* adubairt, " Maith in sol*ad* ar a tāncais a n-Ēirinn a tīr, [a Eōgain]," ar Ēdaīn, " uair *naī* mb*liadna* [*gus*][2] iniu ataī a n-ēgmais Ērenn, ⁊ atāid do nā[imde][3] ag caithem do c[h]rīc[h]i in comf[h]ad sin ; ⁊ [4]ēirig anocht," [ar] s[ī, dā][4] n-innsaigid, ⁊ buaidērad-sa a foraireda[5] [*co nach* fa]gid[6] robad nō rathugad romad."[7] Is ann sin do-c[h]uaid Eōgan fā t[h]īr a n-[oilēn Ēdaīne],[8] ⁊ tucad*ar* a formn*ada* re feōra[i]nn[9] na fīr[10]-innsi co h-ath-scīthech ; ⁊ tuc Ēdaīn tosach a *fleid*i dā fēch*ain* dona flaithib, ⁊ do bī co h-onōrach dā fuat[h] ⁊ dā fīr-misgais .i. ingen rīg na h-Espāine.

38 Tugad Mag*ar* mac rīg gairb-deisc*irt* Ērenn co h-Eōgan ⁊ adubairt fris dul co Carn mBuide mar a raba[d*ar*][11] maithi Muman um C[h]onaire ⁊ um *Maic*niad ; " ⁊ innis dōib-[s]i[d]e[12] co tānac-sa a n-Ēr*inn* don dul*a* sa, ⁊ sloi[n]*n*[13] a fuil d'allm*ar*chaib am f[h]ochair ; ⁊ is ferr linn umla d'f h*agāil* uatha san ar āis inā ar ēigin." Agus rāinic roime co bruidin[14] C[h]airn Buidi, ⁊ do bātar an[15] dā rīg sin ⁊ maithi Muman uile a n-ēn-tig ōla ⁊ siad mesgd[a][16] medar-chaīn ; ⁊ do s[h]loinn a thechtairecht, ⁊ nī t[h]ucsad fregra fair, acht ad-bertadar fris fromad na *fleid*i m*ar*

---

[1] *sic* P, B, L2 ; F *illeg.*
[2] *sic* P, B, L, L2, K, C ; F *illeg.*
[3] *sic* B, L ; P hesgarait, K hesccaruid, C heascairde ; F *illeg.*
[4-4] P, B, L, K, C, eirig anocht dá ; F *letters illeg.* ; *the emendation* ar si *is a guess.*
[5] *sic* L2 ; F *forared* : , *indistinct* ; B furairidhib ; L foraire ; C fuiregha.
[6] F *letters illeg.* ; P co nach fadbhuid ; B co nach bfaghaid ; L mur nach bhfuighid ; L2 go nach bfhagaid.
[7] *There are seven letters more after* romad *in* F, *very indistinct, apparently* caeda: ; sa ar Edain*?* *Not in the other MSS.*
[8] F *five or six letters illeg.* ; *sic* P, B, L, L2, K, C.
[9] F feorann ; L2 fearann ; B féorainn.
[10] F *very indistinct* ; P, L2, K, C, finn innsi ; B na hinnsi.
[11] *sic* B, L2 ; F *illeg.*
[12] F :i:e ; MSS *om.*
[13] *sic* B, L ; F *illeg.*
[14] F bruigin.
[15] *sic* B ; F na.
[16] *sic* P, B ; *no sign of* a *in* F.

c[h]āch. [f. 6b. 1] Agus nī h-edh sin do rinne Mag*ar*, acht rāinic roime d'acall*aimh* Eōgain ⁊ do innis scēla dó. Agus do fergaig*ed* Eōgan de sin, ⁊ adubairt re n-a m*uinnter* ēirghi do dhēnam. "Nī h-amhlaidh sin do-gēntar," ar ingen rīg na h-Espāine, "acht rag*aid* in draī úd dā n-agall*aimh*"; ⁊ is aire sin do h-an*adh* aca.

39 Ro ēirigh Derg Damsa draī Eōgain, ⁊ rāinic roime i n-a ruathar co carraig Cairn Buidi mar a rabat*ar* an rīgr*aidh* sin ag *ēst*echt re muirn ⁊ re medhair na mīl*ed* sin; ⁊ do s[n]loind a aithesg ⁊ a uirighell, ⁊ nīr creidedh ēn-fhocal uadha. Ro lab*air*-sium co fergach fuasaídech friū, ⁊ do labair Maicniadh mac Luighdhech a cinn ath*aid* ris, ⁊ do fhiarfaig scēla co cēill*idi* de. Agus do innis an draī Eōgan go n-a allm*ar*chaib do thecht a tīr a n-Ēr*inn*, ⁊ adubairt riū-san giallad[1] dō dā ndeōin ⁊ braighdi do b*eith* acu i n-a oirchill, nō co ndingn*adh* a eitech risna sluag*aib* sin. Adubrad*ar*-san comadh maith leō Eōgan co n-a allm*ar*chaib d'f[h]ag*āil* re n-a oirlech. "Do-gēn-sa imthecht más ed," ar in t-ēiges, "⁊ nā bīdh ingena Cuinn in b*ar* coir*m*-[thig][2] ar ar cinn-ne."

40 [3][Agus is-pert in laoí :—

[Derg Damsa] "Laphrad nech isin Charn c[h]ain.
a laocha atá[4] 'sa[5] rīgh-thigh,[6]
tap[h]raid freagra nach fāth fann
ar Eōgan Taídhlech taoiph-s[h]eng."[7]

---

[1] B géill; L géilleamhuin; P, L2, K, C, *om.*
[2] F *illeg*; P, L, cuirmthigh; B cuirmthighibh; L2, K, C, cuirmthech.
[3] *poem from* P, *vars. from* L2, K, C.
[4] L2, K, C, fil.
[5] K fan.
[6] *sic* K; P ritigh; C ríghtheach; L2 bruighin.
[7] C theann.

[Maicniadh] " Adēr-sa rit, a Deirg dēin,"
[1]ar mac[1] Lugh*dech* co lān-m[ē]in,[2]
[3]" [an l]īn[3] tāngabair a-le[4]
nocha roisit[5] aridhissi."[6]

[Derg Damsa] " Sāruid ben C[h]onaire C[h]aimh,[7]
ingen[8] Chuinn an c[h]rotha caoin,[9]
ēirgedh[10] uaiph, nā bīodh astoigh,
nā dernt*ar fuirre* fingoil."

[Maicniadh] " Calma Conaire na n-ech,
7 Macniadh mac Luigdech,[11]
7 Dāire na trī cath,
7 Maine mac Durrt[h]*acht*.[12]

[Derg Damsa] " Fraoch Mīlesach[13] mac Ēibhir
rīgh[14] Espāine, do ēirig;
is[15] fer co[16] mbrīgh 7 co[16] mbl*aid*,
ar nach gcuirenn snīom slap[h]*raid*."

L. N.

41 Rāinic Derg Damsa d'accall*aimh* Eōgain iar sin, 7 do innis rāiti na rīghr*aidi* sin uile i n-a f[h]iadhn*aise*. Do ēirigh Eōgan co n-a allm*ar*chaib ann sin gan fuirech 7 do gluaisedar rompa i n-a cipe c[h]omdaingen c[h]atha co Carn mBuide, 7 tāngatar a time h[e]ll an tighi a rabad*ar* maithi Muman, 7 nīr lēig aon-duine beth*ad* as dīb nō gur giallsat d'aon-c[h]omairle uile d'Eōgan. Agus tucsat a maithi uile a lāmha a lāimh Eōgain .i. Conaire 7 M*aic*niadh mac Luig*dech* 7 Flann mac Fiac[h]rach rī oirt[h]*ir* Muman, 7 tucsat uile braigde 7 eid*ire* d'Eōgan;

[1–1] *sic* L2, K, C; P a ua. [2] *sic* L2, K, C; P *letter illeg.*
[3–3] *sic* L2, K, C; P *letters illeg.* [4] K a leith.
[5] K, C, roichfid.
[6] P arighissi; L2 do ridhise; K, C, do ridhisi. *See notes.*
[7] L2, C, chaoin. [8] C righen.
[9] L2, K, C, chaoimh. [10] K, C, eirgidhedh.
[11] *sic* L2, K, C; P luigech.
[12] *sic* P; L2 duirrtheach, C dairtheach, K duirtheach.
[13] P milisech. [14] *sic* L2, K, C; P mac righ.
[15] L2 *om.* [16] C na.

⁊ do bātar a fledha ⁊ a fuirega ⁊ iad fēin ar ordugad Eōgain an ad*aigh* sin. Agus do ēirgedar co menmnach ar n-a mārach, ⁊ tāncadar a n-oirechtas um an aird-rīgh, um Eōgan, ⁊ do bāt*ar* uile ō aithech co rīg igā riarugad.

42 Goiris Eōgan Magh*ar* mac rīgh gairb-deisc*irt* Ērenn dā agall*aim*, ⁊ adubairt ris, "Ēirigh uaim, a Magair," ar sē,[1] " d'agall*aim* rīg Laigen .i. Fiach*aid*[2] Baicedha mac Chathaīr Mōir, [col. 2] ⁊ innis dó mo thecht-sa a n-Ēr*inn*, ⁊ innis dó fós gurub é Conn Cēd-chathach do marbh a athair a cath Maighi h-Ágha,[3] acht gé atā a fhis aigi fēin ; ⁊ is é fós tuc forthórmach anma air [4]fēin isin c[h]ath c[h]ēdna, co nderna bacach baclāmhach de, [5]un*de* Fiach*aid* Baicedha.[4,5] Agus ēirghed sē linne a n-agaid a nāmhad, ⁊ cuimniged sé a fhalta co coitc[h]enn do C[h]onn, ⁊ tabr*ad* soc[h]raidi Laigen leis chucainne."

43 [6] [Agus ad-bert :—

" A Maghair, ēirigh[7] bu dhes
co crīch Laighen na laoch-les ;[8]
rāidh re Fiachaid,[9] foram nglē,
tāinic[10] sunn[11] mo shoc[hraid]e.[12]

Mōr in tsoc[h]raide fil ann,
Fraoch Mīleasach, lao[ch na]ch gan[n],[13]
is[14] fiche cēd co nāire[15]
do shluag adbal Easpāini.

---

[1] *sic* P, B, L, L2, K ; F *indistinct.*
[2] *sic* F ; P, L2 fiacha. [3] B hena. [4–4] P, L2, *om.*
[5–5] B *om.* [6] *Poem from* P, *var*[c] *from* L2, K, C.
[7] P eiridh uaim. [8] K laochthreas.
[9] *sic* L2, K, C ; P fiac [c *indistinct*].
[10] *sic* L2, K, C ; P tigedh.
[11] *sic* L2, K, C ; P sun.
[12] *sic* L2, K, C ; P *letters illeg.*
[13] P *letters illeg.* ; L2 na ngéarlann ; K fiachaidh ngerlann ; C na nger rann.
[14] *sic* L2 ; P *illeg.* ; K, C, *om.* [15] L2, K, C co náirmhe .

Millfidh[1] Cruac[h]a, gnīomh[2] gan geiss,
7 Emhain gan ēisl[eis] ;[3]
[an][4] rīghe benfaid do Chonn,
dā bhfinna cāch a c[h]omlonn.

Tuitfid Conall lonn dā lāim,[5]
dagh-mac Aon[gusa im]lāin ;[6]
mar do-rinnis[7] gnīm trē goil
innis go fīr, a Maghair."

A Magair.]

44 Ro imthig Magar leisin toisg sin. Tucad Derg Damsa draī d'acallaim Eōgain iar sin, 7 adubairt, "Ēirigh-si dam-sa," ar sé, "co Bresal mac Briūin 7 co h-Eochaid Cobha, co dā rīg Ulad, 7 innis dōib gurub ē Feidlimid Rechtmar do marbh a n-aithri, 7 Conn féin dā cur-san[8] fā dhaīr-chís dūr-fhoghnamha, 7 do sgar Temair riū." Agus rāinic in draī d'acallaim Ulad iar sin. Agus do t[h]inōil Mog Nuadad dá chōiged Muman co roibe naī catha a n-én-inadh ; 7 do t[h]inōiledar Laigin co lēir, 7 tāncadar co h-Áth Lethan ar Berbha ; 7 tāncatar Ulaid co Finn-c[h]arn na Foraire ar Sliab Fuaid, d'athchur 7 d'innarbad C[h]uinn. Nī h-edh amāin acht do impōtar fir Ērenn uile air cenmothā Connachta namá. Ro h-innised do C[h]onn na coimt[h]inōil sin ar n-ēirghi i n-a agaid, 7 do aithin gur innarbt[h]ach é féin. Ro fhāgaib Temair co n-a turscar 7 rāinic roime co brōnach bit[h]-ims[h]nīmach co Cruachain, 7 tāinic Conall Cruachna 7 Connachtaigh i n-a comdāil ann sin, 7 tāinic Goll mac Morna co n-a fhianaibh ann. Do h-innised do Mog Nuadad Conn d'fhāgbāil Temrach co n-a tuathaib ar a

[1] *sic* L2, K, C ; P millfith.
[2] *sic* L2, K, C ; P *om.*
[3] *sic* L2, K, C ; P *letters illeg.*
[4] *sic* L2, K, C ; P *illeg*
[5] *sic* L2 K, C ; P damlaim.
[6] P *letters illeg.* ; L2, K, iomláin ; C comhlán.
[7] L2 róinis ; K, C, rinnios ; *sic* P.
[8] B dá ccur san.

theic[h]edh-sum. "Is fír sin," ar Mog Nuadad, "inad bun*aidh* rīg Ērenn Tem*air*; ⁊ mar do len-san misi fiarlaíd dā *chōig*ed Muman lenfad-sa eisēin a *cōig*ed Connacht."

45 Ro gluais Eōgan ⁊ a *naī* catha cóirighthi co rāngadar go Magh Dhā Dhos a ndeiscert Delbhna, ⁊ do t[h]aobadar coimēd Muman re Laignechuib, ⁊ rāncatar co sen-Áth Mór ar n-a mārach [f. 7a. 1] risi n-ab*ar* Āth Luain m*eic* Lugair m*ic* Luig*dech*; ⁊ do bātar an ad*aigh* sin ar u*r*[1] in ātha. Agus do-riachtatar ar n-a mārach tar Duib ⁊ tar Droibēl, ⁊ do gabatar ag Loch Ló[2] uili in adh*aigh* sin; ⁊ táncatar a Toch*ar* Caorach[3] Meadba ar n-a mārach, ⁊ a Magh n-Aoi m*ic* Allgubha an druadh. Agus dob áil le h-Eōgan gan anad ann sin, acht Cruacha do c[h]reach*ad* ⁊ Mag n-*Aoi* dh'arg*ain*, nō co tuc Conaire ⁊ M*ai*cniadh imfhastódh air mar athchuinchidh[4] do c[h]ongbáil a caradr*aid* ⁊ a clemhnasa re Conn, nō co cuirdís techtairecht um c[h]ert nō um c[h]omroinn c h]rīchi chuigi; agus adubairt Eōgan nach tibr*ad* comroind d'Ērinn uadha. "Nī gnāth cath gan comaid, a Eōgain" ar iad-san, "⁊ tairct[h]*er* leth Ērenn uait-si do C[h]onn," ar siad, "⁊ bīdh an leth ro c[h]osnais fēin d'Ērenn agad-sa." Tucad Derg Damsa draī co Mog Nuadad ⁊ adubrad ris dul do thairesin na comronna sin do C[h]onn.

46 Imthūsa Cuinn, do bī fēin ⁊ Conall ⁊ Goll co n-a f[h]ianuib an lā sin ar brū T[h]obair T[h]uillsci; ⁊ fuaratar fis na sochraide sin do thecht i n-a tīr, ⁊ do c[h]uired*ar* fesa dā fhis cáit a rabatar, ⁊ ad-c[h]onncatar-sēi*n* uatha iad, ⁊ fuaratar fis a n-aist*er* ⁊ a n-uided[5] ⁊ a cog*air* ⁊ a comairle ō M*ai*cniadh ⁊ ō Chonaire. Agus tāncatar na for*c*[h]oimēd*aidhi* ar tinnenas co h-airm a roibe Conn ⁊

[1] *sic* F; L air uar; B úr; P an oirear; L2, K, in oirthior.
[2] *sic* F, B, L, L2, K, C; P bo.
[3] P caor. [4] F athchuin*n*chidh. [5] F uig-.

915 Conall, ⁊[1] do innisedar scēla deimne an tshluaigh dōib .i. nach gēbdaís gan leth n-Ērenn co h-uil*idhi* nō gan cath*u*gadh. Ō 't-c[h]ualaid Conn an comrád sin do c[h]rom*m* a chenn ⁊ do c[h]again crann a c[h]raísighi ō h-url*ainn* co a h-innsma, gurab ē a crō cruaidh-neimhnech
920 ro gab rē geil-dēd*aibh*. Agus do ēirigh co h-ogla[2] ann sin ar fōd fo *leith*, ⁊ Conall ⁊ Goll ⁊ becān do maithib a muinntire ; ⁊ do fhiarfaig Conn dībh cā frestal do-bē*r*daís ar Mog Nuadad co n-a allm*ar*chaib, ⁊ co ndech*aid* Ēire gan amhuras[3] uatha, [col. 2] ⁊ gur impōtar Laigin ⁊ Ulaid
925 orra, ⁊ mana derndaīs fēin calma don dul*a* sin comadh ath-rīgha uile iad.

47 [4][Agus id-bert an laoidh :

[Conn] " Comhairle dhūinn, a Chonaill !
Tugadh aird-mhēala oruinn ;
930 rug Eōgan mēr-sheang, flaith Fáil,
leath Ērionn as ar n-urlāimh."[5]

[Conall] " Dēna an ní do-ghní re cách,
congaibh do sgiath ar do sgáth ;
tabhair, a thuir nach tor[6] lag,
935 cath ar moigh do Mhogh Nuadhat."

[Conn] " Ro-n-tréigsiot Ulaidh na n-ech
& Laighin na luath-chreach,
co nach bfuilmíd re fáth ngluinn
acht[7] misi & tusa, a Chonaill.

940 [8]In anfam[8] re tineōl tenn,
a mhic Mórna na mór-lend,[9]
go bfionnaid cách ar[10] n-aidhbhle ?
Fionnam crēud do chomairle."

Comhairle]

---

[1] I' *omits to an end here at the bottom of p.* 18, *and resumes on p.* 13 [l.1233 *below*] ; *see p.* xi.
[2] *sic* F, L ; B go hogal, L2 go hobonn ; K, C, go hobann.
[3] B am*ar*as, L amhras, L2 amhrus.
[4] *Poem from* C, *vars. from* K ; L2 *om.*
[5] *sic* K ; C as ar láimh. [6] K tuir. [7] C *om.*
[8–8] *sic* K ; C ni fhanfam. [9] *sic* K ; C lann. [10] K bhar.

945 48 [1]"Dēnaim-ne riū-san," ar Conall, "mar dha-nīmaīd re cāch .i. a ndīchur a cert c[h]atha." Is ī comairli ar ar h-anadh acu ann sin, Magh n-Aí d'f[h]āgbāil ⁊ d'fholmugad co h-athlamh, ⁊ a mbanntracht ⁊ a mbō-thāinti do c[h]ur a ndīt[h]rebaib ⁊ a n-an-daingnib dā
950 ndíden, ⁊ gluasacht dōibh fēin co foighidech in bec-s[h]luag do bātar lāim re mōr-s[h]luag Moga Nuadad co nemc[h]ainntech. Co rāngatar co Coill nGarbh-ruis,[2] ⁊ do bātar ag gabāil longp[h]uirt. Agus dobo chesachtach Conn ar a coimt[h]inōl, ⁊ do aithin dā *muinntir* tene
955 gacha trīr ⁊ gacha deisi do dēnam ar fud[3] na fidbaidhi, gomadh aidhbsighide le n-a n-escairdib iad. Agus tucad a maithi fān teinid ar a roibe Conn. "Cinnas atā an c[h]oill anocht?" ar Conn. "Atā *trē* doig*er* derg-lasrach donn-ruaide," ar iad san. "Aidēr*aidh* in t-ainm dī co
960 brāth," ar in draī .i. Coill Ruadh.

49 Is ann sin rāinic Derg Damsa draī d'innsaige C[h]uinn leis na comadhaibh ō chianaibh .i. leth Ērenn do C[h]onn, ⁊ nīr labair Conn ēn-ghuth i n-a agaid. Adubairt Conall re Conn freagra do t[h]abairt ar in ollam.
965 Tucad a c[h]omairl*ig* co Conn ann sin .i. Conall ⁊ Goll ⁊ fir na Cruachna ⁊ máil Muighi h-Aī; ⁊ maithi na Midhi ⁊ br*ugaid* Breagh .i. fir Aithe[4] ⁊ fir Odhba, fir C[h]nodhba ⁊ fir Omna, fir Gabra ⁊ fir C[h]leitigh, fir Thaillten ⁊ Thailend, fir Arach[5] ⁊ fir F[h]rēmann,[6] fir Mhálann[7] ⁊ fir Bet[h]*ra*,
970 fir Theabtha ⁊ fir T[h]ulach, Luaighne Temrach ⁊ clanna Fomair.[8] Fada dōib a comairli ann sin, ⁊ is aire do ansad, leth Ērenn do gabāil ō Mog Nuadad, co lēigedh sē a

---

[1] *On the order of the text here, see note p.* 96. [2] L2 *om.* ruis.
[3] *At this point the four next leaves in* L2 *have been torn out, except for a narrow piece down the inside margin of each.*
[4] sic K, C; F aici; L aicthi.
[5] *sic* F; L arainn; K, C, aradh.
[6] *sic* F; L reamhainn, K freumhonn, C freumhann.
[7] K, C, mhálonn. [8] *sic* F; L, C, fḥomhoir; K fomhóir.

allm*ar*aigh uadha, ⁊ iad-san do ēirghi dō i n-a degaid sin ; [f. 7b. 1] ⁊ dob ī sin comairli C[h]onaire ⁊ *Maic*niadh do C[h]onn. Agus do c[h]omairlighedar cinnas do roinn*fide* Ēire et*ur*[r]a. "Do-fhetar-sa a roind c[h]ōir," ar Conall Cruachna, "ō Āth Cliath Medhr*aige* co h-Āth Cliath Duibl*inni*." Agus do bās ag cengal na comronna sin an ad*aigh* sin et*ur*ra. Agus do bī ogla anbāil roime a chēile ar na cathaib, conid Glaisi Imomuin ainm na glaisi boī et*ur*ra. Agus do ēirghedar leth ar leth co moch ar n-a mārach, ⁊ do c[h]englat*ar* a comroind ⁊ a sīdh, ⁊ do thōgaibsed cladh comronna dīb līnaib ōn Āth Cliath co chēile .i. Eisgir Riata .i. sīdha .i. ro s[h]īdhaigh an tōraind sin Ēre uile. Agus ro impō Mog Nuadad co n-a sluagaib a Mumhain arīs co *men*mnach mōir-c[h]ēdfadach.

50 Agus tucad Finn mac Cumaill dā indsaigid ⁊ sē a cinn a *naī* mbl*iadan*, uair is a mbl*iadain* innarbtha Eōgain rucad Finn, ut dixit :—

Is ann rucad Finn [1]co mbl*aid*[1]
bl*iadain* innarbtha Eōgain ;
a cinn [2]*naī* mbl*iadan* iar sin[2]
do bī an rī[3] 'n-a rīgh-fhēinidh.[4]

Tuc Mog Nuadad rīg-f[h]ēinnidhecht[5] a leithe fēin d'Ērinn d'Fhinn ar n-a f[h]urāil d'Fhiach*aid*[6] Bhaicedha mac Cathaīr Mōir.

51 [7]Agus do bī Ēre ar in roind sin *cōig* bl*iadn*[a] *dēg*, am*ail* as-bert in file :—

Cōig bl*iadhna dēg* adeir mē
Eōgan is Conn a coim-ré,
[8]gur t[h]uit Eōgan nār ér fer,
an leōman fā gēr gaisged.[7, 8]

[1–1] K *om.*, C gan ail.
[2–2] L naoi mbliaghna mbil ; K, C, a naoi mbliadhan mbil.
[3] L fear. [4] C righfheinnidhe. [5] F feinnidhid*echt*.
[6] *sic* F ; B fiacha. [7–7] B *om.* [8–8] L go tabhairt chath mhagh leana lir ann air thuit Eogan na ngniom gaisgid.

Is ī sin an *sechtmad* roind do-rinnedh ar Ērinn .i. roind c[h]lainni Parrthalōin ⁊ roind c[h]lainni C*erma*da ⁊ roind dā mac Mīled ⁊ roind C[h]*er*mna Fhinn ⁊ roind c[h]lainni h-Iugaine ⁊ roind na *cōig*edhach ⁊ roind Moga Nuadad ⁊ Chuinn.

52 Ro h-innised trā d'Eōgan gurab a ndōigh a allm*ar*ach dā fhāgbāil, ⁊ do briss*ed* sīdha air dā mb*eth* a n-uaiti, tucad ar Conn in c[h]omroind sin d'aontugad a comair c[h]eilgi ; ⁊ tuc Eōgan dā brēithir, an fad do b*eth* ⁊ Conn a coim-rē flaithes, nach lēicfedh a allm*ar*aigh uadha.

53 Ro chaithedar a com-f[h]laithes ar in c[h]ōrugad sin co cian d'aimsir nō co ndechaidh [col. 2] Eōgan ar mōr-c[h]uairt a l*eith*e fēin d'Ērinn, co rāinic co h-Áth Cliath Duiblinni, ⁊ do-c[h]uaidh d'f[h]ēchain phuirt na long, ⁊ at-c[h]onnairc gur lia longa ar cuid C[h]uind don c[h]uan inās[1] aigi fēin. Agus do gab tnūdh anbáil Eōgan uime sin, ⁊ adubairt gumadh ēigen sochar an c[h]uain do roind a ndó et*orra*, et*ir* fhín ⁊ édach ⁊ éidedh ⁊ arm ⁊ turc[h]airthi mara ⁊ tíre ; ⁊ do c[h]uir techta co Conn dā rádha ris techt do roinn an c[h]uain co comt[h]rom. Adubairt Conn nach cuirfed sochar in c[h]uain fā c[h]omroind c[h]rīchi nō feraind. Ō 't-c[h]ualaid Mog Nuadad sin do c[h]uir an sīth a n-airdi gan fuirech ⁊ do impō roime isin Mumain, ⁊ do innis dā allm*ar*chaib cogad do b*eith* oslaicthi acu re Conn ; ⁊ ba maith le m*ac* rīg na h-Espāine sin do c[h]loistecht.

54 Is ann sin do tinōiled maithe Muman ⁊ laochr*aid* Laigen ⁊ in fiche cēd Espāinech do bī ag Mog Nuadad chuigi co roibe *naī* catha anbáili a n-ēn-inadh, ⁊ do gluais

[1] B oldás.

roime do dul tar cladh comronna for Conn ⁊ do c[h]osnam Ērenn uile fris. Agus do gluaisedar rompa co Magh Mine ⁊ do gabsat sosadh ⁊ longp[h]ort ann, ⁊ do c[h]uiredar agaid gach ēn-phuiple ar *Leth* Cuinn. Agus rāncatar as sin co Brigh Theimhin a n-Ēile, ⁊ as sin co Druim Fu*rscair*[1] a n-oirt[h]er Coilli na Crann ; ⁊ do fhēc[h]atar fraech-magh for-réid do bī ar a n-agaid. "Cā h-ainm in magh[2] ūd?" ar Mog Nuadad. "Magh Léna súd," ar siad. "Cā leth de súd a téid crīch ar comronna re Conn?" "Atā don taib si a bh[f]os," ar siad. "Dēnam thairis bud thuaid mās ed," ar Eōgan, "⁊ gabum longp h[o]rt a *Leith* C[h]uind do c[h]osnam Ērenn uile dūinn fēin ō nār lēig*ed* a leth dūinn."

55 Is ann sin rāinic roime Eōgan tenn tab*art*[h]ach Taīdhlech co lár Muighi lethain-Léna co n-a laochra*aid*ib, le nert sl*uaig* ⁊ le sénōir*ib* ; uair dōig adubratar ris lucht āirimhthi[3] aicn*idh* ⁊ ēsca guruo dāil [f. 8a. 1] co soirbh re sechtmadh sin, ⁊ gurbo trāigh uirmhēala[4] re h-ochtmadh, ⁊ gurbo treisi oll-chōig*id dēg*[5] re conāch ⁊ re comt[h]reisi do c h[i]nnedh a *neir*t for a nāimdib. Acht atā nī chena, do ceiled fis ar a bfháidhib, ⁊ do saobad solad ar a sénóir*ib*,[6] ⁊ do caith*ed*[7] conach 'n-a cēdf*aidh*, ⁊ do medrad ferg ⁊ fír-dīm*us* na flatha, ⁊ do tinnesnad recht na rīgraide don ruathar sin ; gurbo tress re timargad do na trēn-s[h]luaguib an tur*us* sin, ⁊ gurbo nōmadh agā *n*deirg-dīghbāl*ad* dā ndeig-f h[e]ruib, ⁊ gurbo contracht c[h]élmaine dā curaduib, tem ⁊ toirrthim na tosga si*n* do thuitim iar n-athaid orra.

56 Do gabad longp[h]ort lethan laoch-armach ag na lebar-buidhnibh, ⁊ sos suaichn*idh* sreth-līnmar ag na sochaidib ar lár Maighi Lēna co luathgāirech ; ⁊ do

[1] B turrsgair. [2] F madh ; B ca hainm an magh úd.
[3] B áirmhghithe. [4] B úirmhéla. [5] B *om.* [6] B na senóir ÷ .
[7] B crattedh ; L. craitheastar ; L.2, K, do cruaidheastair.

h-ordaiged acu ann sin sluag ferdha re foghnam fo na fedhaib ⁊ buidhni sotla solma fo na sesguib,[1] ⁊ do benuit leō roga ro-chleth ⁊ slemain slat-chaol*aig* ⁊ mīne mōir-f[h]eda ⁊ dīgaind deig-s[h]esca, ⁊ tucatar leō eiredha troma tuillmecha d'f[h]edhuib ⁊ d'adhbaruib, do c[h]lethaib ⁊ do c[h]aolach, do dhīn ⁊ do dheig-sheisc, co h-āit n-aontadhach n-aon-baile ; ⁊ do-rinnedar dīb sin scālāna arda fad-chobsaidhi ⁊ tighi tai[tnemhacha][2] tēgartha ⁊ foirgnema āille esr*aig*[th]e[3] ⁊ broghadha sreath-āille sol*us*-ghlana suaithenta. Agus tucad as a h-aithle sin a slegha i n-a sreathaib rē slesuib ⁊ a n-airm rē n-ursannuib ⁊ a scēith rē sciathr*ach*aib ⁊ a lūirecha ar a lebar-drolaib ⁊ a cathbairr ar a colbadhuib ⁊ ētrom a n-arm ar a n-aidhlennuib ⁊ lāmh-arm gacha laích i n-a leb*aid*. Agus do ordaighedar a mūir ⁊ a margaid,[4] a cōir ⁊ a cennaighecht, a feithme ⁊ a fuirec[h]rais, [col. 2] a fesa ⁊ a fulachta, a ciūil ⁊ a codalta ; ⁊ rucatar as in ad*aigh* sin co sol*us*-trāth ēirghi ar n-a mārach.

57 Is ann sin ro ēirghedar laoc[h]r*aid* mer Mairtine ⁊ curaid coim-thenna Cli*ach* ⁊ catha cosnamacha Clidhna ⁊ ōig-rīghr*aid* na h-Espāine, ⁊ tāncatar co pup*all* an aird-rīgh Eōgain, ⁊ is ed ro rāidset ris, " Is fada linne, a aird-rī," ar iad-s*um*, " do bī cennas Temra ag Tuath*al* ⁊ Inis-Fōdla ag Feidhl*im*idh, ⁊ onōir ō c[h]āch do C[h]ath*aīr*, - na *cōig*id[5] cco coitchenn ag Conn, ⁊ Conall mac Aonghusa Fe*irt* ag cōrugad maor for Mumuin, ⁊ forrān ag sluagaib Sinna for Siúir, ⁊ tarc*uis*ne ag Breaghaib ar Bladhma, ⁊ maír Midhe for Maistin, ⁊ deisg*ert* Ērenn ag fognam co tenn don tuaiscert. Gurab aire sin is mith*id* linne Ēire d'f[h]aicsin ar ar n-ordugad fēin festa, ⁊ imle Ealga 'gār n-allm*ar*chaib, ō tarrla againd fer taistil Temrach ⁊

[1] *sic* F, B, L ; K seasgannaibh ; C seisgionnaibh.
[2] *sic* L ; F tai. [3] B esr*aigh*the ; K easartha ; F esr-e.
[4] *sic* B ; F marg-aid. [5] F .u.ed,

laoch agallma Ulad, ar cur C[h]uinn dā c[h]ōir ⁊ Conailt
1095 dā c[h]ēdf*aid* ⁊ Ulad dā n-uaill."

58 Ō 't-c[h]ualaid Eōgan medair cosnama agā c[h]athaib ⁊ aign*ed* innsaigthi agā uaislib ⁊ ēirghi urlam 'gā allm*arc*haib, do f[h]regair dōib ⁊ at-bert, " Do-gēntar linne," ar eisium, " trī bailti muirnecha [1]mūr-doimne[1] ar
1100 in mag sa, inn*us* co mbē Fraech fīr-c[h]alma mac rīg na h-Espāine ag forrān dā fait[h]chib ar fhine F[h]eidhl*im*id ; co rabh a t[h]reisi ar T[h]uillsci ⁊ a chīs ar Chruach*ain* ⁊ Temair ar a t[h]ōraind, Taillti ar a thidhlacad, ⁊ cís Leithe Cuinn as gach aird dā innsaigid, comba h-adhbar menman
1105 da b*ar* maithib-si beith ag muirn dā mūraib ar gach mōir-chinedh eile i n-Ērinn dā ēisi."

59 Do-rinned leō-sum ann sin trī mūir oirechais d'ordugad ⁊ trī dūin tenna do thōgbāil ⁊ trī cathracha com-daingne do c[h]ōrugad. Acht c[h]ena ro tochladh
1110 [f. 8b. 1] ⁊ ro toimhsed, ro cumadh ⁊ r[o] certaiged, ro snoided[2] ⁊ ro slemhnaiged, ro delbad ⁊ ro daingniged, ro riaghladh ⁊ ro rēidiged, ro dērgadh ⁊ ro doimniged ; gurbo cothugad *neir*t re nāimdib ⁊ gurbo sgarthain c[h]rīche re cinedhuib ⁊ gurbo delugad iatha re h-aicmedhaibh, na
1115 trī nescōide neimhnecha nāimdemla nert-gāibt[h]echa sin do gabāil ar tairsech Cuinn co n-a colamnaib. Co sgardaīs ris trī buadha Breagh ⁊ trī muirne Midi ⁊ trī h-et*ir*gleō[3] oirechais Ērenn .i. mōr-dhāil Uis[n]ig[4] ⁊ aonach Taillten ⁊ feis na Temrach.

1120 60 Ō 't-c[h]ualaid sin Eochaid Muin-derg mac Māil, aird-rī Ulad, risa rāitī Eochaid Cobha, fā bāidh[5]

[1–1] F murd bonme *retraced* os *indistinct* ; B mordhoimhne ; L2 mordhoimhne ; K múrdhoimhne.
[2] F snoig*ed*. [3] *sic* F, B ; L gleoibh ; C gleoidh.
[4] F uisig- ; B uisn- ; L usneach ; K, C, uisnigh.
[5] *sic* B, L2 ; F baith.

¬ f[ā] buide leis na trī berta buadhn*aise* ¬ na trī tonna tuirsi ¬ na trī dēra dīlend sin do dhēnum ar Conn. Ōir dōig ro-f[h]it*ir*-sium gurbo tene a cris ¬ a craidi do C[h]onn
1125 sin, ¬ gurbo comf[h]adōd[1] fīc[h]a re fal*aid* na cnāmh-aillsi coim-neimnecha sin rē chnes. Tāinic-sēin roime co h-oirer mBreg ¬ co Bōinn, ¬ do h-airged leis crīch Breg ¬ Midi ¬ tuatha Tem*ra*. Ro h-airgedh trā sin ¬ ro h-innsaiged, ¬ ro lomad ¬ ro lāithrigh[ed],[2] ¬ ro creachad ¬ ro comloisged ;
1130 gurbo mothar dorcha detach-lethan doig*er*-mhōr an tīr ō T'h-emr*aig* co tuinn, ō Char*aid* co caīm-Grēin, ¬ ō Rīghi co rīg-Bōinn, co roibe crīch Breg i n-a comar[3] creach ¬ i n-a cēidi c[h]uarta ¬ i n-a sreathaib sirthi dona suidight[h]ib sin.

1135 61 Cid trā acht ō 't-c[h]ualaid Conn coimēirghi na[4] cōig *cōig*edach i n-a c[h]enn, ¬ na fir ag bāig[5] gan brāthairsi,[6] acht mad falta fīc[h]-mōra fighar[7]-t[h]roma ag fās ¬ ag forbairt isna feraib sin, do ēirigh Conn gan fuirech ann sin do t[h]esarguin na crīch ; ¬ fā luamhairecht
1140 *etir* dā theinid in tesargain sin, ¬ fā h-imram crīn-luingi co n-anbfaindi *etir* t[h]onnuib baoghlacha 'gā bāthad,[8] [col. 2] ¬ ba h-imlat *etir* dā t[h]einid bruthmara Belltaine a imlat san *etir* Mog Nuadad ¬ sluag Ulad 'm an am sin. Is ann sin do f[h]āg*aib* Conn *cōig*ed Connacht fā c[h]rechaib
1145 ¬ tīr T[h]eabtha fā t[h]rom-nāimdib, ¬ tāinic roime do t'h-esargain Temrach co n-a tuathaib, co riacht co h-oirer mBregh ¬ co bruachaib Bōinne. Tāncatar tuatha Temrach ¬ clanna[9] Feidl*im*idh Rechtmair[10] dā n-agall*aim* ann sin ¬ do innisedar a n-éigen ¬ a n-anforlann dō.

---

[1] F com*f*adog. [2] *sic* B ; F *om. letters*.
[3] B comar ; L2 conuir ; K comar. [4] *sic* B ; F ina.
[5] F baid ; B, L2, K, C, baidh ; L bagha.
[6] *End of torn pages in* L2.
[7] F fidhar ; L, B, *om.* ; L2 foghar ; K fioghar ; C fioghair.
[8] F gab:th- ; B aga bátha*dh*.
[9] *sic* B ; L2 clann ; F cl÷a.
[10] *sic* B, L, L2, K, C ; F resmair.

62 [1]Agus do ghabh ag gresacht mhac[2] Fedhlimidh go
fíor-dhíochra ⁊ go fuireachair, ⁊ id-bert an laoidh mbig sí
ann :—

"A chlann Fheidhlimidh Rechtmhuir
do chinedh T[h]uathail Techtmhuir,
do chosuin Eōgan gan acht
ō Āth C[h]liath cōigedh Connacht.

Gidh fada dhamh[3] a tTemhraigh
nocha dingén deigh-mhenmuin
ón ló ro h-innisedh[4] dhamh
ceirt-leath Ēirenn ag Eōgan.[5]

Go bfhaghar sochruide sluaigh
go mac Mogha Néid nert-bhuain,[6]
go ccomhruiciom ceann a ccend
go brāth nocha síodhuighfem.

Uathadh loingios an rígh ráin
dhá ionnarbadh a n-Easbáin ;
fuair sochruide dhī-mhōr dhe
chugaibh, a chlann Fheidhlime."[7]

63 Is ann sin tāinic Conn Cēd-chathach, ó
't-c[h]ualaid nuall-guba na n-ainder ⁊ na n-anbhfhann,
gerān na mban ⁊ na mbaet[h]-naídhen, sestēn[8] na mīled
ag commaídhem a creach, bō-ghéimnech na mbuar - na
mbō-thāintedh ;[9] ⁊ it-c[h]onnairc na feólmaighi[10] - na
fulachta do-rinnedar sluaig Ulad ; ⁊ at-c[h]onnairc an
cnām-c[h]omach coitc h]enn do-rōnsat ar a uaislib ⁊ ar
a ard-maithib ; ⁊ at-c[h]onnairc crích Bregh i n-a lasrachuib
lethna lebar-t[h]iugha luat[h]-aidhbli, ⁊ i n-a dumaduib
smūid-lethna smáil-ísle smūr-luaithrig ; is ann sin rucastair
Conn céim coim-nertmhar gan comairle[11] dá chairiugad

[1] *Poem from* L2, *vars. from* K *and* C. [2] *sic* K, C ; L2 mhaca.
[3] K, C, bheir. [4] L2, K, C, innsedh.
[5] *sic* K, C ; L2 *torn off*. [6] K bhuaidh, C bhuan.
[7] *sic* K, C ; L2 feidhlimidh. [8] *sic* F ; B, L2, sesdán.
[9] *sic* B ; F táintegh. [10] B feólmacha.
[11] F *repeats* gan comairle.

sin. Sillis rī Ulad dá ēisi, ⁊ at-c[h]onnairc meirgi ard ill-dathach an aird-rīgh ⁊ sgiath coim-nertmhar Cuind agā c[h]ongbáil, ⁊ cat[h] crom crann-ruad cēdfadach i n-a coimlenmuin, ⁊ doire loim-thiugh lasamail laighn*ech* ōs na laochaib, ⁊ rī tenn tidlaicthech agā thenn*ad*. Is ann sin do h-ordaiged ag rīg Ulad i n-a n-agaid cath sanntach saigt[h]enach dá sōd, ⁊ laom sl*eig*ech[1] sestān-beg dā soig*in*, ⁊ sluag dūr dī-c[h]oimsech i n-a mbróin c[h]obhsaidh c[h]rann-līnmair dā cosnam gan uamhan báis nō beg-s[h]aogail. Gur lingsed in dā chlēith ghāibt[h]echa sin a cenn araile, gur h-ordaiged acu san flaithi re fosugad ⁊ maithi re mughugad ⁊ treōin re tap[h]*ach*[2] [f. 9a. 1] ⁊ gairg re gresacht ⁊ dēin re dīchennad ⁊ ēigis re h-adhmolad ; gurbo lēibenn fosta fuirmithi na firu[3] dona fedmannuib sin.

64 Is ann sin ro ēirigh cuingidh congbhāla cáigh, ⁊ cenn táthaighthi gacha tīre, ⁊ ēigne rīghdha rogrāinemail na rīghi, ⁊ stiúir c[h]ert c[h]obhsaidh congbála conāich na *cōig*ed, ⁊ buach*aill* tenn taistil na Temrach .i. Conn Cēd-chathach mac Feidl*imid Rechtmair* ; ⁊ do agair a fhīch ⁊ a aimrēir ar Ulltaib, ⁊ do c[h]rom*as*tai*r* le n-a c[h]raīsig fā na cathaib, gurbo tolla[4] taíb leis ⁊ gurbo roinnti righthi ⁊ gurbo cirrthi cuirp.

65 Is ann sin do ēirghedar *caoga* comalta Cuind do léchuib nertmara nemnecha, do neoch ar nach claithteā cath ⁊ ar nach maidhteā mōr-theichedh, ⁊ nach trēigedh a tig*er*na a n-airc nō a n-ēigen .i. Eochaid Én-shūla mac rīgh fer *Foir*treann ; ⁊ Cēdgein Cruachna mac Conaill C[h]r*uach*na, mac rīg Connacht ; ⁊ Corc ⁊ Connla, dā mac eile Conaill ; Eochaid Glūin-geal ⁊ Fiach*aid*[5] Lāimghel dā mac Crimthainn Cúl-buide, rī Oighli ⁊ Umaill

[1] L2 sleagach. [2] *sic* F ; B, L, tabhach ; L2, K, C, trasgairt. [3] *sic* F ; B fiora ; L2 fir. [4] B toll. [5] *sic* F, B, L2.

.i. rīg-rechtaire na Cruach*na* eisén, - Gáirech ingen C[h]rimaill a māthair-sēin — dā derbh-c[h]omalta c[h]īghi ⁊ coim-lept[h]a do C[h]onn iad ; dá Eoch*aid* ⁊ Fiach*aid* ⁊ Art Corb ; Eochaid Finn ⁊ Fiach*aid* Súighdhe[1] ; Fóidghein[2] ⁊ Tibraidi ; Maine ⁊ Dairbre, dā mac rīgh temna Teabtha ; ⁊ Ros mac Imchada mac rīg Ulad ; [3]Oil*ill* agus Ênna ;[3] ⁊ Asal mac Cuinn Fhēinnedha,[4] taíssech teglaig rīg Ērenn. Agus rucatar sin fuirmedh fairsing foir-lethan re ferg na flath*a*.

66 Gidh trā acht ō 't-c[h]onnairc rī Ulad ruathar an aird-rīgh i n-a f[h]og*us* ⁊ dīberg na ndeig-f[h]er ar a daīnib, ruc*astair* sidhi mer mórdhālach dā c[h]osc dā c[h]ēduib - dā c[h]athuib. Co nach tār*as* áth nā anacul ar na h-aird-rīg*aib*, gur s[h]āidhedar a ndá c[h]raísig catha isna cnesuib, gurbo ruibnedha ruadh-derga a rengaib [col. 2] na rīgh na ruadh-c[h]roinn, - gurbo fuindeōga sotla srib-derga na slesa dona sār-gonuib. Agus ní rāinic leō-sum acht imlaíd an dā āl*ad* sin do t[h]abairt d'aroile, in uair rāngatar dā c[h]ēd laoch do maithib a muinntire ar a mbēlaib, ⁊ do gabsat-sēin ag rodhbad ⁊ ag ro-thollad aroile, gurbo linnti lethna leb*ar*-t[h]iugha loch-mōra gach lāth*air* fāna laochaib le h-imad na sreabh - na sruthān[5] risna slesuib. Co nārbo lōr[6] leis na laochaib álad a n-ard-c[h]raísech m*ar* oid*ed*[7] ag rochtuin a colcc dā combualad aroile, gur t[h]orc[h]ratar i n-a cosrachaib cirthi cēd-marbtha a fiadhn*aise* a dhā t[h]riath ar toitim lē c[h]ēile.

67 Is ann sin rāinic Conn do-ridhisi ⁊ rí Ulad d'innsaigidh aroile isin irghail, ⁊ tuc*astair* Conn tulgān[8]

[1] *sic* L2 ; F s- ; B súighe. [2] B foidhbhghein.
[3-3] B oileach ⁊ enna. [4] *sic* F ; B, L2, asal mac an fheinnedha.
[5] F sruth- ; B *sruthán*. [6] P' *recommences here on p.* 13.
[7] F oig- ; L oighe.
[8] *sic* P ; F tlugan ; B tolgán ; L tolgan ; L2 tulgadh ; K, C, tulgán.

toirrsech ann don manaís mōir-lethain mōir-neimhnigh boí i n-a lāim, go tarla isin c[h]obr*aid*[1] medhōin isin mōir-sgiath ōn toimde sin, ⁊ gurbo dor*as* díc[h]ra doman-c[h]irtha derg-ruathar lethan na laigne trēsin laoch ; go tarla an tsleg gan tshechna i n-a clēith c[h]rō ⁊ i n-a h-eoch*air* oslaicthi agā t[h]rēn-f[h]ormna. Agus nī riacht le Conn an tsleg do tharraing an tan do sháidhet*ar* a *chaoga* comalta sl*eg* mhōr gacha mīl*edh*, co rabatar i n-a cosairmidh c[h]rō[2] trē c[h]orp an c[h]uradh am*ail* bīd cuillesga tria c[h]urc[h]ais. Agus tuc*astair* Conn fēin bēim nāimdidhi[3] niath-mhisgnech sech cimais an c[h]roim-sg*ēith* don c[h]ath-mīl*id*, gurbo ball díc[h]ra dībraicthi ō chaol na colla an cend ar toitim an laích dā leth-taob i n-a asglaind sgailtigh[th]i[4] ar sgāth a sgēith. Is ann sin *co* crīchain[5] Conn fēin frithecht[6] flatha co fosad as a h-aithle, gur f[h]āg*aib* gach bō 'gā bōth*ar* ⁊ gach broid 'gā baile an ad*aigh* sin ; ⁊ do impō co Temr*aig* an ad*aigh* sin do c[h]odlad innti, uair nīr shaīl [f. 9b. 1] an lā roime sin codlad ēn-oidhchi a Temr*aig* re ré Moga Nuadad ⁊ rīgr*aid*e Ulad.

68 Tāncatar[7] c[h]uigi-sem an ad*aigh* sin a c[h]araid c[h]umachta do Thuathaib Dé Danann .i. Aodān[8] a Sīdh[9] Dabilla, ⁊ Aodh Ēdair, ⁊ Crimthann Callaindi, ⁊ Derg a Sīdh[9] Deirg, ⁊ Aong*us* an Brogha, ⁊ an Ruadh Rebach[10] ō Chuillinn, ⁊ an Craebach Cairn C[h]uip,[11] ⁊ Septhann Átha Sige,[12] ⁊ Maon-dornd Maīdmech[13] co n-a macuib, ⁊

[1] F com*r*- ; P, B, L2 cobr-.

[2] P crosoirbedhoib cro ; L2 cosairbhedhaibh ; K crosairbhedhuibh ; C cosrachaibh ; B cosair chró ; L crosarmuibh.

[3] F naimdighi. [4] F sgailtighi ; B, L, sgaoilte.

[5] *sic* F ; P ro ciuchair ; B do ch÷ ; L2 do chriochn÷.

[6] B fria athechta. [7] F tancat. [8] B iodhan. [9] F, P, B, L2, sith.

[10] B an r. reabhach ; P in draigh rephach ; L an ruagh raphainn ; L2 an draoi reabhach ; C an draoidh reabha ; K an draoidh reabhach.

[11] P creabach cairn cuip ; L an craobhphach charnn chip.

[12] P seaffnnach atha fg*ir* ; B seabhann atha sibhe ; L seaffann atha sighir ; L2 sefnach atha siccir ; K seanach atha sigir ; C fesnach atha sigir ; F átha side.

[13] P maoidfech ; B madhmann ; L maon dornn mhac Maoídh.

[1]Séimh-sheng ⁊ Mōir-sheng dā *ingin* Maon-dhuirn Maīdhmig,[1–2] ⁊ Goth[3] Gaīthi Glan-uallach,[4] ⁊ Aīfe ingen Gotha[5] Gaīthi; ⁊ tucatar sin losa leighis i n-a ledarth*aib* ⁊ urc[h]oisg cabart h-a 'n-a c[h]nedhaib ⁊ luibe īce 'n-a āladhaib,[6] gurbo calma coirp-shlemain cnedh-īctha Conn co n-a c[h]uradhuib um trāth ēirghi do ló ar n-a márach. Tāinic Conn ar faithchi[7] na Temrach iar sin, ⁊ tāncatar dā agall*aim* ann sin a t-h[r]ī lennāin tshīde .i. At ⁊ [8]Lann - Lēna,[8] trī h-ingena Truaghna[9] Treagha, ⁊ do gabatar 'gā gresacht d'innsaigid Maighe Lēna.

69 [10][Agus ad-ber[adar][11] an laoi :—

"Annamh let luige re nīth,[12]
a Chuinn muige na trī rāth;
do benad dīt, fīr[13] ro-fes,
in leth sa t[h]es Gaoidhe*l*[14] gnāth.

Do roinnedh rit Ēire fhial
ō rian Lēime Con[15] na gcuan,
ō Āth C[h]liath Medruighe mbinn[16]
gusan linn ag Ēdar[17] uar.[18]

Do c[h]innsat curaidh[19] Clīu Máil,
na fir as an[20] Mumain mōir,
co claoidhfidīs talm*ain* truim
comadh oil ar Leith C[h]uind c[h]ōir.

[1–1] P, L2, K, C, *om.* [2] L maodhmuidh.
[3] C gaoth gaoithe: L gaothe glann uallach eattaili muilti ⁊ dá ingean aodh mhicc goirataigh i. Sadhbh ⁊ Cna.
[4] L2 glanaille. [5] *sic* F; P, B, L2, K, goth; C *om.*
[6] *sic* B; P, F, L2, al-. [7] F faichthi; B faithe; P, L2, *om.*
[8–8] *sic* F, B; P lann ⁊ len, L lonn ⁊ leana; K, C, lann ⁊ lén.
[9] P, L2, truagháin; B truagha na treagha.
[10] *Poem from* P, *vars. from* L2, K, C.
[11] P adbert; L2 go ndubhradar; K, C, go neibirt.
[12] L2 ndíth. [13] L2, K, C, fáth. [14] K gaoidhil.
[15] L2, K, C, chon; P chuinn. [16] *sic* P, L2, K; C minn.
[17] P edhar; L2, K, C, edair. [18] *sic* P, L2, K; C uair.
[19] *sic* L2, K, C; P cur. [20] *sic* L2, K, C; P a.

Ēir*ig*, a t[h]āthóir[1] na dtuath,
a ua T[h]uathail c[h]ab[ras][2] cách,
1290 [3]┐ roich[3] co Magh Léna lāin
dá comhaillir[4] bāigh[5] co brāth.

Do marb*ais* mac Māil co mbuaidh
┐ a s[h]*luaig* ar an le[ir]g ;[6]
do rīoghuis mac Imch*aid* āin,
1295 tar ēis an āir nār [7]gabh d'f[h]eirg.[7]

Nā h-ēircc[h]*ed* uait Eōcc[h]an oll,
an ieōcc[h]an[8] lonn [9]cuairt na clann,[9]
co raiph[10]-ar Muigh[11] Lēna a leacht,[12]
[13]a sccēla, ┐ a f[h]ert ann.[13]

1300 A. n.d*am.*]

70 Is ann sin rāinic Conn roime co h-Áth Luac[h]ra a crīch Thul*ach* an ad*aigh* sin, ┐ do gabad longp[h]ort aigi ann gan grāin rē ngāb*adh* ┐ gan uaman rē n-imarc*aid*.[14] Uair an ad*aigh* do gein Conn a Temraig do f[h]āiltighedar
1305 trī tonna Fōdla fris .i. Tonn ogla osn*ad*-m*er* Inbir ag freagra Thuinne ruide rith-ghairbe Rudhraige, ┐ Tonn c[h]orrach chubar-bhān C[h]lidhna ag freagra in dā thonn

---

[1] L2 tháthadh ; K athathaoir ; C thaththoir.
[2] *sic* L2, K, C ; P *letters illeg.*
[3–3] L2, K, C, roichsi.
[4] L2 dia ccomhairle ; K dia ccomhailli ; C air a ccomhailli.
[5] L2, K, C, báidh. [6] *sic* L2, K, C ; P *letters illeg.*
[7–7] L2 nior gabha feirg. [8] L2, K, C, leomhan.
[9–9] *sic* L2, K, C [K cheann] ; P an cuairt clann. [10] K go rabh.
[11] *sic* L2 ; P madh ; K, C, moigh. [12] L2 leat ; K, C, *let.*
[13–13] L2 agus go bhfagb ÷ a fhert ann.
[14] P *adds* óir doigh doba leg logm*ar* ┐ roba gem gloinidhe ┐ rob[a] ioss didin ┐ roba oil fuirmedha in tairdrigh sin & roba uaitne óir ┐ roba lubgort lesaigthe ┐ roba fulacht finemhna uair roba ruatar rabarta a reim ┐ fa falmhuccad tīri a t*urus* ┐ fa cosgar curad a coimeirghi ┐ fa lan nemh ┐ talam da tairm ┐ da trethan ┐ fa faoili l muir & tir re na toighecht. *The same passage in* L2, K, C.

ard-engach ua ṡ aīdech[1] oile ag fāilti na *flatha* fōs.[2] Agus[3] do gene*tar* isin oidhchi c h'ēdna croinn to*raidh* trē thalm*ann* .i. Bile Tortan - Eō Rosa ⁊ Craebh Mughna ⁊ Craebh Dhaithi. Ro muidhsed[4] trī h-aibne uaisle trē t_halm*ain* isin oidhchi sin fōs .i. Siúir ⁊ Beōir ⁊ Berba ; ⁊ trī locha uaisle .i. Loch Riach, Loch Lēin, Loch n-Echach.[5] am*ail* at-bert an file[6]:—

71 .r. An adh*aigh* ro gēnair Conn
ba faīlidh fris Ēre oll ;
is innti ro geinset trā
Bile Tortan, Eō Rosa.[7]

.r. An adh*aigh* ro gēnair Conn
ba faīlid fris Ēre oll ;
innti ro maidset fā rath[8]
Loch Riach, Loch Lēin, Loch n-Echach.[9]

An ad*aigh* ro gēnair Conn
ba faīlid fris Ēre oll ; [col. 2]
innti [10]ro maidhset dona[10]
Siūir ⁊ Beōir[11] is Berba.

72 Agus cid nā *budh* imghuin re sgāth[12] cathugad fris, ō tā adh*aigh* Luain a rucadh hē a Temraig gusan

[1] *sic* P, F *letter illeg.* [2] *sic* F ; B, L, *om.* [3] B, L, ⁊ fos.
[4] F muighsed. [5] *sic* B ; F, L2, nethach ; P nech-.
[6] P *and* L2 *attribute the poem to Finntan.*
[7] L2, C, *add* an umhla nochar dhaor dhi craobh mugna ⁊ craobh dhaithi ; K *reads* ro geanair Conn, an umhla *etc.*, *with* dermad *in margin.*
[8] P, L2, C, ro sgaoil réim co rath.
[9] *sic* B ; F neth- ; P, L2, nethach.
[10–10] *sic* F, B, L ; P, K, ro muighetar tra ; L2 ro gheinsiodar mhuighedar gan ana.
[11] L2 feóir.
[12] P, L2, *add* - nach budh urchar fo aill - nach budh airdnes ar aigen - nach budh baramail ar brath do cathaib no do cedaib na do curadhaibh coimheirghe na cenn o ta *etc.*

Māirt[1] i n-ar bāsaig*ed* ē ag Druim T*uir*lēime[2]? ut dixit
1330 Senchā*n*[3,4] :—

.r. Adh*aigh* Luain rucadh an rī,
māl Midhe, mac Feidhli*mi* ;
Dia Māirt[5] ar n-ēirghi grēine
fuair bās a nDruim[6] T*uir*lēime.[2]

1335 73 Agus do c[h]aith*estair* a urraind d'Ērinn re *fiche* bliadan,[7] amail as-bert in file :—

Conn *cōig* bl*iadna* fā *chethair*[8]
[9]rob iarla co n-aird-c[h]rech*aib* ;[9]
[10]do-roch*air* Conn clāir Midhe
1340 le mac Māil m*ic* Roc[h]*r*aidhe.[10, 11]

74 Is ann sin tāinic Conn ar fōd fēgtha fāth iar sin, ⁊ tāncatar dā agall*aim* 'm an am sin a t[h]reōin ⁊ a thaīsigh, a mhāil ⁊ a maithi, ⁊ tāinic ann Conall mac Aonghusa Feirt, a oide ; ⁊ do gabh Conn agā thaisbēnadh dōib gach
1345 nī b*udh* dōig leis do thecht i n-a chenn, ⁊ do iarr comairle um dhāil na caingne sin. Agus do f[h]regair Conall ē ⁊ is ed do rāidh, " Dēn*a*-sa," ar sē, " gach nī b*us* cōir uime sin, uair is ort fēin atāit na teora buadha ratha rīgh mad co trāsta .i. tīrthi do tháth ⁊ catha do[12] clōdh ⁊ conāc[h]
1350 cosg[air][13] ar do c[h]uradhuib re coimērghi." " Is egail lim-sa ām*h*," ar Conn, " colamain na Temrach do t[h]uitim lē nāimd[ib][13] a n-asgaidh, ⁊ sluag Connacht do

---

[1] F, *same hand adds above* no in domnach.
[2] B toirléime. [3] P in sencha in senrann.
[4] L2 amail isbert Senchan senfhile; *om. all down to the next verse*, §73.
[5] F, *same hand adds above* no dia domnaig. [6] C a ccnoc.
[7] P re teora bliadain ar caoga ; B fria re chúig mbliadhan fithad ; L le rae fithchit bliaghain ; K, C, ré theora mbliadan ar chaogad.
[8] L fo chearthar. [9–9] B fá he an rí go saoírbreathaibh.
[10–10] L le mac Mail mhic rochroidh an féinne fial gur torchradh.
[11] *This verse in* F, B, L. P, L2, K, C, *have a different one* ; P conn ced cathach a rí [L2, K, C, na rígh] caoga for a tri gan foccail gan for'osccad gan guin duine bi. K *adds* & tá an rann sin ciotach.
[12] *sic* P, B, L2 ; F da. [13] *sic* P, B, L2 ; F *letters illeg.*

chirr*bad* gan a n[1]-oired d'ēchtuib i n-a n-agaid. Eag*ail* lim fōs mo bās nō mo baeghlughadh fēin, nō maidm foram,
1355 nō m'indarbad a h-Ērinn, nī nach dern*ad* form as m'oigedas[2] ; ¬ is ed do-gēn-sa, [3]do-b*ēr* maidm ar mh'agh*aidh* ō nach dīn ar ēg a ingabāil."[3, 4]

75 "Dēntar agad-sa, a aird-rī," ar Conall, "fostacht re ferg ¬ taī re tagra ¬ ēistecht re fiarf*aig*idh ¬ cruas re
1360 c*ogad* - calmacht re cath*aib*. Dōig do-gēba tū colamhain Temrach dod chosnam gan dicheall don dul*a* sa ; uair is iad sin cuaill*edha* trēna Tuath*ail* ¬ uaithneda fíchdha Feidhl*im*idh - cletha cosanta Cuind C h[ē]d-c*h[a]thaigh* ; - do ghēb*a*-sa sluag Connacht dod c,h[o]snam. Uair
1365 gach nech is sine inaī-siu acu, is oidedha duit iat, ¬ gach comhaīs is comalta, ¬ a macáimh i n-a ndalt aib[5] [f. 10a. 1] dīlsi duit ;[6] ¬ nār lēigis uasal a n-inadh*aibh* īsil, nā daor a flaithes flatha, nā cam do chaithem re cōir, acht gach nech f*or* a díre - f*or* a dūthchas, ō tucais timchellad flatha
1370 for Fōdla .i. ō thuitim C h[a]thaīr Mhōir co tāinic Eōgan

---

[1] *sic* P, B, L2 ; F gann oired.

[2] P, L2, as mo núa ná as mo naoidhentacht ; B naoidhentacht.

[3-3] P - berad mfeidhm catha gan dicheall ar mhaccaid gurab amhaid do rathad ¬ mo comlann ar mo comair o nach dīn ar eg ::fa ar ingabáil ; B do bher maidhm ar mhaghaidh ó nach dīon ar ég iongbabháil ; L do bheara maoidhm air maghaidh ó nach díon an eag san ngabhadh ; L2 ¬ meraidh mfheidhm ¬ mágh an aoneecht & gurab amhlaidh thaoithfed ¬ mo chomhlann ar mo chomhair air nach dion ar éag aisg - no iomghabhail ; K, C, ¬ bhérad mfeidhm ar maghaidh a naoinfheacht.

[4] F *in*gal-.

[5] P, L2 is daltada ; F *letters illeg.*

[6] P *adds* - ar na h-adbaraib sin nach fetaid na fir ud gan do díden sa gan dicheall don chur sa, our doigh ní ba suaire lasna saoirteraib ud leith ag eisdecht re briathraib fuar craidhechas fraoich forthega ndichur ¬ aga ndithuccad o mbailtib bunoig ¬ o ndaingneehaib dísle o na riathaib - o na naicmedhaib muna *beth* do díon & do ihuchasa agá ndíden, do saoire & do saorelanndacht aga saorad, do cruas ¬ do cath aga congbail, do baidh ¬ do bret aga mbuanuccad. Gurab aire sin do tagbadar a sinnsir sud a lamhaib cosnamacha carad ¬ a comdutheasa do caomhnasa gan dicheall don dul sa ; óir nar leigis *etc.* L2 *has same paragraph.*

a h-Espāin d'fhuadac[h] Ērenn as ar lāimh-ni. Agus is deimin lim-sa nach ba h-āillecán a lāim leinib big Ēire a n-urlāimh Eōgain co n-a allmarchaib, uair nī fuight[h]er gan conghāir c[h]atha uatha hí. Agus nā sechain-si an cath, a Chuinn," ar Conall, "uair atá clār talman fār troighthib-ne anīss ⁊ atā fairclе fuar-f[h]liuch na firmaiminti[1] foraind anuas ; ⁊ is briathar dūinne, nō go sluigi an talam sīss sinn, nō go tuiti an f[h]irmaimint[2] anuass oraind, nach bēram oired ordlaig tar ar n-ais nō cēim ar cūlaib 'gut chosnam-sa."

76 "Lēig as ai-le, a C[h]onaill," ar Conn, "is medhair f[h]ir re for-ēigen na focail sin, ⁊ is t[a]gra[3] re borb nō re baoth-chinedh[4] na briat[h]ra sin. Dōig āmh is dortad ratha do rīg ro-uaiti, ⁊ is doras bāis beg-s[h]luag, ⁊ is comartha fainde uathad soc[h]raidi. Is uime sin is āil dam-sa techta do c[h]ur le comadaibh eile co h-Eōgan." "Cārsat comadha sin?" ar Conall. "Na trī cūigidh fuilit aige fēin dō gan imreasain d'Ērinn, ⁊ an cethramadh cōiged uaim-si dó mar c[h]omaidh a n-a cenn sin .i. cōiged Uladh ; ⁊ do-bēr dō rē comall sin grian ⁊ ēsga, muir ⁊ tīr, gan fogail gan ingreim gan anforrān rem ré uaim-si air ; ⁊ lēiged dam-sa crīcha Teftha gan toirmesc ⁊ Temair ⁊ cōiged Connacht." "Is mór an c[h]oma sin," ar Conall. "Gidh mōr," ar Conn, "cedaim-si d'Eōgan ī ō nach fuilim lín catha do c[h]ēdaib nō do c[h]uradhaib dó." "Cia rachas leis na comadhaibh sin?" ar cāch. "Eochaid Glūin-gel ⁊ Fiachaid[5] Lāim-gel, dā mac Crimthainn C[h]úl-bhuidhe, rī Oighle ⁊ Umhaill." "Dobo córa[6] filid ⁊ aos dána do c[h]ur leis sin," ar cāch. "Nī c[h]uirfem," ar Conn, "ar nach abradaís allmaraigh ⁊

---

[1] F firmaiminnti. [2] F firmaiminnt.
[3] *sic* P, B, L2, K, C ; F *letter illeg.* [4] *sic* F ; P cimid
[5] *sic* F, B, L2 ; P fiacha.
[6] B cuibhdhe ; F, *same hand writes above* no cuibdi.

Ērennaigh comad a n-athc[h]uingidh[1] do-gēbhdaís filid urraind d'Ērinn dūinn."

77 Is ann sin rāncatar na techta sin [col. 2] rompa co h-airm a roibe Mog Nuadad, ⁊ do lēiged a pupall an aird-rīgh iat, ⁊ do innsedar a n-aithesga don aird-rīg. "Nī gabtha sin," ar Flann mac Fiac[h]rach. Ro f[h]reagair an t-aird-rī iad - is ed ro rāid, "Robudh aībhnes gan eocha dam-sa sin," ar Eōgan, "⁊ robudh c[h]uirm gan chorna,[2] ⁊ robudh chonāch gan cheōl, ⁊ robudh thigernas gan taithighe,[3] ⁊ robudh iasacht gan indlacad dam-sa, imlecán [4]oirechais Ērenn am ingnais ⁊ Temair co n-a tuathaib; ⁊ nī fhūicēb-sa an bern[5] sin dom c[h]onāch gan caithem, uair dobudh aisg ar m'fhine tar m' ēisi sin, ⁊ nī ghēb-sa na comada sin."

